# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 12.20

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon** Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**


**CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírghnéithe Cósta**




(i) Scrúdaigh an fótagraf thuas a thaispeánann tírghnéithe cósta agus meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Staca farraige | |
| Stua farraige | |
| Pluais farraige | |
| Aill farraige | |


(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas thíos.

Sil-leagan cósta ba chúis le foirmiú gach ceann de na tírghnéithe atá ainmnithe thuas.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[10m]**

**2.** **Tírghnéithe Abhann**




Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann tírghnéithe abhann agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Leibhé | |
| Tuilemhá | |
| Lúb | |
| Lúbloch | |


(ii) Cuir tic sa bhosca ceart thíos chun a chur in iúl cé acu le céim óigeanta abhann nó le céim aosta abhann, is mó a bhaineann na tírghnéithe atá ainmnithe thuas.

Céim óigeanta ☐

Céim aosta ☐

**[10m]**

**3.** **Tírdhreach Carstach**




Scrúdaigh an léaráid de thírdhreach carstach thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** sa léaráid thuas leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Tírghné | Litir |
|---|---|
| Colún | |
| Clint | |
| Aolchuisne | |

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis thíos.

(a) Sampla de thírdhreach carstach é Clochán an Aifir.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Ligeann carraig thréscaoilteach uisce tríthi go héasca.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[10m]**

**4. Creathanna Talún**

Na Creathanna Talún ba Mhó agus ba Mharfaí de réir na Bliana, 2009-2012

| | Na Creathanna Talún ba Mhó | | Na Creathanna Talún ba Mharfaí | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Méid** | **Réigiún** | **Méid** | **Básanna** | **Réigiún** |
| 2012 | 8.6 | Sumatra Thuaidh | 6.7 | 113 | Na hOileáin Fhilipíneacha |
| 2011 | 9.0 | An tSeapáin | 9.0 | 20 896 | An tSeapáin |
| 2010 | 8.5 | An tSile | 7.0 | 316 000 | Háítí |
| 2009 | 8.1 | Na hOileáin Shamócha | 7.5 | 1117 | Sumatra Theas |

Curtha in oiriúint ó www.usgs.gov

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén mhéid a bhí sa chrith talún i Sumatra Theas in 2009?

________________________________________

(ii) Cén bhliain ar tharla an crith talún ba mhó?

________________________________________

(iii) Cá raibh an crith talún a mharaigh an líon ab airde daoine?

________________________________________

(iv) Cén t-ainm a thugtar ar an bpointe ar dhromchla an domhain díreach os cionn fócas crith talún?

________________________________________

(v) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas thíos.

Tarlaíonn creathanna talún nuair a imbhuaileann plátaí.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[10m]**

**5. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Samhlaigh go bhfuil tú ag taisteal ó Neidín (*Kenmare*) ag V 906 713 ar feadh an N71 go dtí Céim an Daimh (*Moll's Gap*) ag V 861 775.
Cén treo a mbeifeá ag taisteal?

______________________________________________

(ii) Is é fad bhóthar an N70 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag V 850 698 go dtí an áit a mbuaileann sé le bóthar an N71 ag V 905 713 ná:

4.2 km ☐

5.8 km ☐

Cuir tic sa bhosca ceart.

**[10m]**

**6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas.

- V 862 773 ______________________________
- V 918 718 ______________________________
- V 877 676 ______________________________
- V 909 706 ______________________________

(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun an gréasán lonnaíochta tuaithe atá le fáil ag V 898 719 a chur in iúl.

Líneach ☐

Scaipthe ☐

Cnuasta ☐

**[10m]**

**7.** **Aerfótagraf - Suíomh**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo agus na sleachta thíos a tógadh as.
Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach chás chun a chur in iúl an bhfuil an cur síos ar shuíomh gach sleachta as an aerfótagraf ceart.
Tá ceann amháin déanta duit.



Lár an Chúlra

**Fíor** (circled) **Bréagach**



An Tulra ar Clé

**Fíor** **Bréagach**



An Lár

**Fíor** **Bréagach**



An Lár ar Dheis

**Fíor** **Bréagach**



An Cúlra ar Dheis

**Fíor** **Bréagach**



An Cúlra ar Clé

**Fíor** **Bréagach**

**[10m]**

**8. Réigiúin**

Meaitseáil an cur síos ar réigiún sa tábla thíos leis an réigiún is mó a luaitear leis.
Scríobh an litir cheart sa tábla i ngach cás.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| **A** | Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta |
| **B** | Réigiún imeallach |
| **C** | Réigiún fisiceach |
| **D** | Réigiún riaracháin in Éirinn |
| **E** | Réigiún uirbeach |

| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| Páras | |
| Ardchlár Aontroma agus Dhoire | |
| Sambre Meuse, an Bheilg | |
| Mezzogiorno | |
| Comhairle Contae an Longfoirt | |

**[10m]**


**9. Gníomhaíochtaí Geilleagracha**

Sa tábla thíos, scríobh an chatagóir de ghníomhaíochtaí geilleagracha (Príomhúil, Tánaisteach nó Treasach) is fearr a mheaitseálann gach ceann de na gairmeacha beatha.
Tá ceann amháin déanta duit.

| Gairm Bheatha | Catagóir Gníomhaíochtaí Geilleagracha |
|---|---|
| Feirmeoir | |
| Fáilteoir óstáin | |
| Báicéir | |
| Oibrí foraoiseachta | Príomhúil |
| Déantóir troscáin | |
| Dochtúir | |

**[10m]**

**10. Cairteacha Aimsire**




Scrúdaigh na cairteacha aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Sa tábla thíos, scríobh an litir cheart sa bhosca chun gach cairt aimsire a mheaitseáil leis an ngné den aimsir is fearr a mheaitseálann í i ngach cás.

| Gné den aimsir | Litir |
|---|---|
| Teocht | |
| Báisteach | |
| Scamall | |
| Brú | |


(ii) Cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas thíos.

Is é is iseabair ann ná línte ar chairt aimsire a cheanglaíonn áiteanna ina bhfuil an brú céanna.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[10m]**

## 11. Cairteacha Staitistiúla




(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos chun gach cairt staitistiúil thuas a mheaitseáil leis an teideal is fearr a oireann di i ngach cás.

| Teideal | Litir |
|---|---|
| Píchairt | |
| Gaothrós | |
| Barrachairt | |
| Treoghraf | |

(ii) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid a bhaint as graf chun eolas a chur i láthair.

________________________________________




________________________________________

**[10m]**

**12. Aithint Siombailí agus Scála**

Scrúdaigh an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Scríobh an litir cheart sa tábla thíos chun gach ceann de na siombailí léarscáile a mheaitseáil leis an ainm is fearr a mheaitseálann é i ngach cás.

| Litir | Siombail |
|---|---|
| A |  |
| B |  |
| C |  |
| D |  |

| Ainm na Siombaile | Litir |
|---|---|
| Ionad Dearctha | |
| Bóthar Tánaisteach Náisiúnta | |
| Láithreán Picnicí | |
| Foraois Bhuaircíneach | |

(ii) Céard é scála na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo?

________________________________________

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar de choillearnach nádúrtha
- Limistéar talún os cionn 400 méadar
- Duínis (*Dinish Island*)
- An Ribhéar (*Kenmare River*)
- Loch ainmnithe.

**[30m]**

### B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú aon **dá** thírghné.

**nó**

(ii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**


### C. Teicteonaic Phlátaí

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar theoiric theicteonaic phlátaí.

**[30m]**

## Ceist 2

**A. Struchtúr an Domhain**




Scrúdaigh an léaráid de struchtúr an domhain thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, ainmnigh gach ceann de shraitheanna an domhain a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *pláta*.

(iii) Mínigh go hachomair cad a chuireann ar phlátaí gluaiseacht.

**[30m]**

**B. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh bruthcharraig **amháin** agus ainmnigh carraig mheiteamorfach **amháin**.

(ii) Ainmnigh carraig dhríodair **amháin** agus ainmnigh áit **amháin** in Éirinn ina bhfuil an charraig seo le fáil.

(iii) Déan cur síos ar conas a fhoirmítear carraigeacha dríodair.

**[40m]**

**C. Fillsléibhte**


(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'fhillsliabh.

(ii) Agus léaráid(í) mar chúnamh agat, mínigh conas a fhoirmítear fillsléibhte.

**[30m]**

## Ceist 3

### A. Timthriall na gCarraigeacha




Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an chatagóir carraige ag **X** agus ainmnigh carraig **amháin** sa chatagóir seo.

(ii) Ainmnigh an chatagóir carraige ag **Y** agus ainmnigh carraig **amháin** sa chatagóir seo.

(iii) Ainmnigh **dhá** shlí ar bith a mbaintear úsáid as carraigeacha.

**[30m]**

### B. Bolcáin

(i) Sainmhínigh gach cineál bolcáin liostaithe aníos agus tabhair sampla amháin de gach ceann díobh:

- Bolcán beo
- Bolcán suanach
- Bolcán marbh.

(ii) Mínigh go mion an tslí a dtarlaíonn bolcáin.

**[40m]**

### C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Scrúdaigh conas a idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### A. Réigiún in Éirinn

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Réigiún **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air
- Baile nó cathair ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** sa réigiún seo (talamh ard nó íseal).

**[30m]**

### B. Turasóireacht i Réigiún san Eoraip

Ainmnigh réigiúin **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**), a bhfuil staidéar déanta agat air agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh **dhá** ní is díol spéise do thurasóirí sa réigiún seo.

(ii) Mínigh na cúiseanna a mealltar turasóirí go dtí an réigiún seo.

(iii) Déan cur síos ar fadhb **amháin** a bhaineann leis an turasóireacht sa réigiún seo.

**[40m]**


### C. Fás Uirbeach i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar réigiún uirbeach ar bith i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**), a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### A. Cineálacha Réigiún




Scrúdaigh na cairteacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán de ghníomhaíocht gheilleagrach threasach i Réigiún B.
(ii) An Croí-réigiún nó réigiún Imeallach é Réigiún B?
(iii) Ainmnigh sampla de Chroí-réigiún agus sampla de réigiún Imeallach.
(iv) Déan cur síos achomair ar thréith **amháin** a bhaineann le Croí-réigiún.
(v) Déan cur síos achomair ar thréith **amháin** a bhaineann le réigiún Imeallach.

**[30m]**

### B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Tánaisteacha – Réigiún in Éirinn

Pléigh conas a chuaigh **dhá** cheann ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar fhorbairt thionscal na déantúsaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agar air:

- Teacht ar ghréasáin iompair
- Fáil ar amhábhair
- Margaí
- Polasaithe an Rialtais agus an Aontais Eorpaigh.

**[40m]**

### C. Forbairt Réigiúnach

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar **dhá** fhadhb atá roimh réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### A. Réigiún Eorpach

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **Dhá** bhaile nó **dhá** chathair ainmnithe
- Abhainn ainmnithe **amháin**
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó íseal).

**[30m]**

### B. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na slite a bhfuil tionchar ag fairsingiú an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

**[30m]**

### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Ainmnigh réigiúin **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**), a bhfuil staidéar déanta agat air agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann leis an ngeilleagar sa réigiún seo.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar fadhb **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil seo sa réigiún seo.

**[40m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

### Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Neidín (*Kenmare*) a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar de thalamh talmhaíochta
- **Dhá** shráid a bhuaileann lena chéile
- Timpeallán
- Carrchlós
- Limistéar de gharbhlach.

**[30m]**

**B. Polasaí an Aontais Eorpaigh**

(i) Scrúdaigh na slite a bhfuil tionchar dearfach ag polasaí/polasaithe an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

(ii) Scrúdaigh na slite a bhfuil tionchar diúltach ag polasaí/polasaithe an Aontais Eorpaigh ar Éirinn.

**[40m]**

**C. Coilíneachas**


(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** i mbéal forbartha a ndearnadh coilíniú air.

(ii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar thionchar an choilíneachais ar an ngeilleagar seo i mbéal forbartha.

**[30m]**

## Ceist 8

### A. Fuinneamh




Scrúdaigh na cairteacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán den fhuinneamh a táirgeadh le gás in 2010.
(ii) Cén breosla ar tháinig an fás is mó ar an bhfuinneamh a tháirgeadh leis idir 1995 agus 2010?
(iii) Mínigh go hachomair an fáth ar tharla an fás ar an bhfuinneamh a táirgeadh leis an gcineál breosla seo.
(iv) Ainmnigh **dhá** fhoinse d'fhuinneamh in-athnuaite.
(v) Luaigh **dhá** shlí a dtéann dó breoslaí iontaise i bhfeidhm ar an timpeallacht.

**[30m]**

### B. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá lonnaithe in Éirinn.
(ii) Ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta seo agus ainmnigh tír **amháin** (seachas Éire) ina ndíoltar an táirge seo.
(iii) Luaigh an áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe agus mínigh go mion cén fáth ar lonnaíodh an chuideachta ilnáisiúnta seo sa suíomh seo.

**[40m]**

### C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar fhorbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Tionscail seirbhíse agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

## Ceist 9

### A. Forbairt Gheilleagrach

An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna, 2014

| Tír | IFD (HDI) |
|---|---|
| An Nígir | 0.3 |
| An Iorua | 0.9 |
| Siarra Leon | 0.4 |
| An Phortaingéil | 0.8 |

Curtha in oiriúint ó www.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna (HDI) i gcás roinnt tíortha.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an t-innéacs um fhorbairt dhaonna ard i gcás tíortha áirithe.

**[30m]**

### B. Tionchar ar an Timpeallacht

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar an gcaoi a n-imríonn gníomhaíochtaí geilleagracha tionchar ar an timpeallacht, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

### C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat, luaigh go soiléir cá lonnófá cuideachta cógaisíochta.

(ii) Ag baint úsáide duit as fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, mínigh an fáth ar roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Scrúdaigh conas a d’fhéadfadh coimhlint teacht chun cinn mar thoradh ar an gcuideachta cógaisíochta a bheith lonnaithe san áit seo.

**[40m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Daonra na hÉireann**

Daonra na hÉireann de réir Aoisghrúpa in 2014

| Aoisghrúpa (blianta) | % |
|---|---|
| 0-14 | 21 |
| 15-64 | 66 |
| 65-84 | 11 |
| 85+ | 2 |

Curtha in oiriúint ón US Census Bureau

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann daonra na hÉireann de réir aoisghrúpa in 2014.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, luaigh **dhá** shlí a mbaintear úsáid as staitisticí daonra.

**[30m]**

**B. Imirce**

Tarlaíonn imirce mar thoradh ar thosca brú agus ar thosca tarraingthe.

(i) Ainmnigh toisc bhrú **amháin** agus toisc tharraingthe **amháin** a bhaineann leis an imirce.

(ii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na slite a mbíonn tionchar dearfach ag an imirce ar Éirinn.

(iii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na slite a mbíonn tionchar diúltach ag an imirce ar Éirinn.

**[40m]**

**C. Forbairt Lonnaíochta Uirbí**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar fhás baile Neidín (*Kenmare*) sa suíomh seo, agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat chun tacú le gach cúis díobh.

**[30m]**

## Ceist 11

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis - Lonnaíocht Stairiúil

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i Neidín (*Kenmare*)
- **Ceithre** shampla **dhifriúla** de lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar an léarscáil.

**[30m]**

### B. An Trácht i gCeantair Uirbeacha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** ina bhfuil fadhb le plódú tráchta.

(ii) Mínigh cén fáth a dtarlaíonn plódú tráchta sa chathair sin.

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar an bplódú tráchta.

**[40m]**

### C. Daonra

'Is iomaí toisc a mbíonn tionchar aici ar na rátaí breithe, leibhéil ioncaim, an cultúr agus an tsochaí, agus teicneolaíocht an leighis san áireamh.'

Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar rátaí breithe.

**[30m]**

## Ceist 12

### A. Fás Daonra

Is é daonra an Domhain san am i láthair ná 7.2 billiún duine. Táthar a thuar go bhféadfadh sé a bheith chomh hard le 12.3 billiún duine faoi 2100. Leathann galair thógálacha mar Ebola níos tapúla in áiteanna ina bhfuil an daonra dlúth. Tá eolaithe ag tabhairt rabhadh dúinn go bhféadfadh na fadhbanna domhanda mar an t-athrú aeráide, galair thógálacha agus an bhochtaineacht dul in olcas mar thoradh ar ardú daonra.

Ceaptar go dtarlóidh an chuid is mó den fhás san Afraic, áit a bhfuil sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar an daonra ó thart ar bhilliún amháin anois go ceithre bhilliún faoi dheireadh an chéid. San Afraic fho-Shahárach, tá an leibhéal torthúlachta ard fós agus tá clanna móra – níos mó ná ceathrar leanaí de ghnáth – coitianta fós.

Deirtear gur toisc eile a chuireann le treocht na hAfraice í an laghdú atá tagtha ar an líon daoine a fhaigheann bás mar thoradh ar VEID/SEIF (HIV/Aids).

Curtha in oiriúint ón *Irish Examiner*, 18 Méan Fómhair 2014

Léigh an t-alt thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) De réir an ailt seo, cé chomh mór is atá daonra an Domhain faoi láthair agus cén daonra atáthar a thuar a bheidh sa domhan faoi 2100?

(ii) **Ríomh** an méadú ar dhaonra an Domhain atá á thuar faoi 2100.

(iii) Ainmnigh fhadhb **amháin** a luaitear san alt seo a d'fhéadfadh dul in olcas mar thoradh ar an bhfás tuartha seo ar an daonra.

(iv) Cén áit a mheastar a tharlóidh an chuid is mó den fhás ar an daonra?

(v) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil sé á thuar gur sa limistéar seo is mó a fhásfaidh an daonra.

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le figiúirí daonra a thuar.

**[30m]**

### B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha.

(ii) Déan cur síos, agus tabhair míniú, ar an bhfás tapa ar an gcathair seo.

**[30m]**

### C. Dlús agus Dáileadh Daonra

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí ceithre fhigiúir do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil **easpa** lonnaíochta.

(ii) Mínigh go mion, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil **easpa** lonnaíochta sa limistéar seo.

(iii) Tabhair tagairt eangaí ceithre fhigiúir do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús an daonra measartha **ard**.

(iv) Mínigh go mion, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil dlús an daonra measartha **ard** sa limistéar seo.

**[40m]**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán